**Central Statistics Office**
**An Phríomh-Oifig Staidrimh**

**Press Statement**
**Preas Ráiteas**

## Daonáireamh 2006 – Imleabhar 12 - Taisteal chun Oibre, Scoile agus Coláiste

**Méadú mór i líon na n-úsáideoirí cairr**

Mhéadaigh líon na ndaoine a thiomáineann chun na hoibre i gcarr, leoraí nó i veain níos mó ná 225,000 idir 2002 agus 2006, b'shin méadú de 22%, de réir tuairisce nua ón bPríomh-Oifig Staidrimh.

Tá an t-eolas seo ar fáil i n*Daonáireamh 2006 Imleabhar 12 – Taisteal chun Oibre, Scoile agus Coláiste*, a thugann tuilleadh mionsonraí maidir leis an daonáireamh a tógadh ar an 23 Aibreán 2006. Tugann an tuairisc seo na figiúirí deireanacha daonra rangaithe de réir módh taistil chun na hoibre, scoile agus coláiste, am a fhágann siad an baile, achar a thógann an turas, fad an turais agus líon na gcarranna i ngach teaghlach. (Féach nóta an eagarthóra).

Den 1.9 milliún oibrithe sa Stát i mí an Aibreáin 2006, thiomáin beagnach 1.1m (57%) carr chun na hoibre – suas ó 55% sa bhliain 2002. Nuair a chuirtear an figiúr seo le chéile le hoibrithe a thaisteal chun na hoibre mar phaisinéirí i gcarranna nó mar thiománaithe veain/leoraí bhí seachtar as gach deichniúr oibrithe ina n-úsáideoirí feithiclí príobháideacha sa bhliain 2006.

**Titim i sciar na mbusanna**

Cé gur ardaigh líon iomlán na n-úsáideoirí bus beagainín, thit sciar an bhus den iompar poiblí ó 6.7% sa bhliain 2002 go 6.1% sa bhliain 2006. Mhéadaigh líon na ndaoine a thaisteal chun na hoibre ar an iarnród níos mó ná 66% i gcomparáid le 2002. Bhí sé seo amhlaidh mar gheall gur tugadh isteach an tseirbhís nua LUAS.

Bhí úsáid na seirbhísí traenach ag oibrithe ag an leibhéal is airde i dtuaisceart chontae Átha Cliath le Domhnach Bat (26%), Na Sceirí (24%), Port Mearnóg agus Mullach Íde (araon ag 20%) ag barr an liosta.

**Níos mó leanaí óga á dtiomáint chun na scoile**

Den 247,000 leanaí bunscoile a chuaigh chun na scoile i gcarr sa bhliain 2006 (55% den iomlán) tiomáineadh 44,000 ciliméadar nó níos lú. Tiomáineadh 105,000 eile 4 chiliméadar nó níos lú.

I measc daltaí meán scoile bhí difríocht mhór i dtaobh na gcóras taistil a bhí in úsáid acu siúd a chónaíonn i gceantair uirbeacha agus i gceantair tuaithe le níos mó ná leath de na leanaí i gceantair tuaithe ag dul ar scoil ar an mbus i gcomparáid le duine as gach cúigear i gceantair uirbeacha. San iomlán, tiomáineadh 45% 4 chiliméadar nó níos lú chun na scoile, b'shin 43,000 turas cairr.

**Tógann sé níos faide ar oibrithe uirbeacha turais níos giorra a dhéanamh chun na hoibre**

Thaisteal oibrithe ar an meán 15.8 ciliméadar óna dtithe chuig a n-áit oibre sa bhliain 2006, gan mórán athraithe ó 2002. Thaisteal oibrithe lonnaithe sa tuaithe ar an meán 20.9 ciliméadar i gcomparáid le 12.8 ciliméadar d'oibrithe a chónaíonn i gceantair uirbeacha.

Tuilleadh /...

*Information Section*
*Central Statistics Office, Skehard Road, Cork*

Tel 021 453 5000
01 498 4000
Fax 021 453 5555
Website http://www.cso.ie
LoCall 1890 313 414
Email info@cso.ie

*Roinn Eolas*
*An Phríomh-Oifig Staidrimh, Bóthar na Sceiche Airde, Corcaigh*

Teil 021 453 5000
01 498 4000
Faics 021 453 5555
An Domhan http://www.cso.ie
GlaoÁitúil 1890 313 414
Ríomhphost info@cso.ie

Ar an meán thóg gach turas chun na hoibre 27.5 nóiméid in Aibreán na bliana 2006, suas beagainín ó 26.8 nóiméid san Aibreán 2002. Cé go raibh achair níos giorra le taisteal ag oibrithe uirbeacha chuig a n-áit oibre ná mar a bhí ag oibrithe a chónaíonn i gceantair tuaithe, mar gheall ar chúrsaí tráchta chaitheadar tréimhsí níos faide ag taisteal (27.9 nóiméid i gcomparáid le 26.8 nóiméid d'oibrithe tuaithe).

**Tús níos luaithe d'oibrithe fireann**

D'fhág beagnach 285,000 oibrithe an baile roimh 7rn le dul chun na hoibre sa bhliain 2006, le 113,000 ag fágáil roimh 6.30rn. Fir a bhí i dtriúr as gach ceathrar díobh seo. Mná is mó a d'fhág an baile níos déanaí ar maidin le 40% ag fágáil an bhaile idir 8 agus 9rn, an t-am a d'fhág 65% de leanaí bunscoile agus seachtar as gach deichniúr daltaí meán scoile an baile.

**Méadú ar úinéireacht chairr**

Bhí ar a laghad carr amháin i mbeagnach 1.2 milliún teaghlach sa bhliain 2006 – méadú de 170,000 i gcomparáid leis an mbliain 2002. Bhí na céatadáin ab airde de theaghlaigh le carr amháin ar a laghad sa Mhí (90%), i gContae Chorcaí (88%), i gCo Phort Láirge agus i gCill Dara (87% araon). Ní raibh carr ar bith ag ceithre theaghlach as gach deich gcinn i mBaile Átha Cliath sa bhliain 2006.

**Nóta an Eagarthóra**

Tá achoimre ag leibhéal Stáit de shonraí ó Imleabhair 5 - 7, 9 – 10 agus 13 de na tuairiscí sonraithe daonáirimh ar fáil san fhoilseachán *Daonáireamh 2006 – Príomhthorthaí Socheacnamaíocha*, a foilsíodh ar an 28 Meitheamh 2007. Tá figiúirí maidir le taisteal chun oibre, scoile agus coláiste ag leibhéal geografach níos sonraithe ar fáil san fhoilseachán, Imleabhar 12, atá á fhoilsiú inniu.

Tá na táblaí ar fad a foilsíodh ó Dhaonáireamh 2006 curtha ar fáil go hidirghníomhach ar shuíomh idirlín na POS (www.cso.ie).

**Is féidir cóipeanna den fhoilseachán a fháil ach teagmháil a dhéanamh le:**

An Phríomh-Oifig Staidrimh, Rannóg Eolais, Bóthar na Sceithe Airde, Corcaigh (021) 453 5011

nó

Oifig Díolta Foilseacháin an Rialtais, Teach Sun Alliance, Sráid Theach Laighean, Baile Átha Cliath 2.

Praghas: €15.00

Is féidir cóipeanna a íoslódáil freisin ó shuíomh idirlín na POS (féach seoladh thíos).

## Le tuilleadh eolais a fháil déan teagmháil le:

Le tuilleadh eolais déan teagmháil le Shaun McLaughlin (895 1474) nó le Deirdre Cullen (895 1334).

An Phríomh-Oifig Staidrimh, Campas Gnó Sord, Bóthar Bhaile Anraí, Sord, Co. Átha Cliath.

| | |
|---|---|
| Fiosrúcháin an Daonáirimh | (01) 895 1460/61/63/66 |
| Facs: | (01) 895 1399 |
| Ríomh-phost: | census@cso.ie |
| Idirlíon: | www.cso.ie |

*An Phríomh-Oifig Staidrimh* *15 Samhain 2007*

**– CRÍOCH –**